

Miontuairiscí

Cruinniú den Toscaireacht, ag an gComhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

4.00 pm – 6.30 pm, an 21 Bealtaine 2019

I láthair

Michael Holohan (Cathaoirleach Gníomhach); Cathy Carman; Anne Haverty; Thomas McCarthy; Geraldine O'Reilly; Rhona Clarke; Bob Quinn; Eamon Colman

Ag an gcruinniú

Karen Hennessy (Cláraitheoir Aosdána)

Leithscéal ó

Vincent Woods, Samuel Walsh

Miontuairiscí ón gcruinniú deiridh agus nithe a tháinig chun cinn

Pléadh toghchán an tSaoi a reáchtáladh le déanaí. Chuir an Clárithoir in iúl go bhfuil an Chomhairle Ealaíon ag fanacht ar dháta ó oifig an Uachtaráin agus gur bunaíodh pointe teagmhála.

Plé ar an suíomh gréasáin. Tá an suíomh gréasáin beo anois. Níl aon chur síos ar an suíomh gréasáin maidir le Bunú Aosdána. Míníodh go gcaithfidh an grúpa oibre casadh le chéile chun níos mó plé a dhéanamh air seo. Sonraíodh cé go gcuirtear fáilte roimh an bhforbairt seo nach bhfuil an tseanfhoclaíocht ón sean-suíomh gréasáin ann a thuilleadh. Idir an dá linn, luaitear an dáta ar bunaíodh Aosdána ar an suíomh gréasáin nua. Beidh sé éasca nuashonrú a dhéanamh ar an suíomh gréasáin nua agus féadfar foclaíocht nua a uaslódáil tráth ar bith. Tugadh le fios go bhfuil dea-chaidreamh ann sa ghrúpa oibre nua. Tá Cathaoirleach nua ar an gComhairle Ealaíon anois agus socrófar dáta i gcomhair cruinniú leis an gCathaoirleach nua i mí Mheán Fómhair.

Shonraigh comhaltaí na Toscaireachta atá ina mbaill den ghrúpa oibre go bhfuiltear ag forbairt na foclaíochta faoi láthair agus cé go raibh comhfhreagras ag an Toscaireacht ar ríomhphost mar gheall air, níor tháinig siad le chéile go dtí seo lena deimhniú líne ar líne. Aithníodh go forleathan go raibh ról lárnach ag Colm O'Briain agus ag Anthony Croinin ann. Scaipeadh achoimre a raibh 12 pointe ann a scríobh Dick Stokes go forleathan laistigh den Rialtas agus bhí an bun-dréacht a chum Colm O'Briain d'Aosdána mar bhuneolas don cháipéis. Luadh go bhfuil cúnamh agus rannpháirtíocht na Comhairle Ealaíon le feiceáil go ríshoiléir i gcáipéisí na Cartlainne Náisiúnta a scaip an Clárithoir.

Chuir Bob Quinn na miontuairiscí i láthair agus thacaigh Geraldine O'Reilly leo. Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe a reáchtáladh ar an 15 Márta.

Cathaoirleach nua a Thoghadh

Chuaigh Michael Holohan ar scor mar Chathaoirleach na Toscaireachta. Gabh comhaltaí na Toscaireachta buíochas le Michael as an obair a rinne sé agus é ina Chathaoirleach ar an Toscaireacht. Mhol Thomas McCarthy Anne Haverty mar Chathaoirleach nua agus thacaigh Michael Holohan leis an moladh sin. Glacadh le Anne Haverty agus cinneadh go mbeidh sí ina Cathaoirleach nua ar an Toscaireacht. Shuigh an Cathaoirleach nua ina háit ag barr an bhoird agus rinne sí cathaoirleacht ar an gcruinniú as sin amach.

Tugadh le fios go mbeidh an Toscaireacht reatha i bhfeidhm go dtí an 19 Eanáir 2020 agus go dtoghfad Toscaireacht nua ansin.

An Tionól Ginearálta – Achoimre / Litir chuig an Ollscoil

Shonraigh an Cláraitheoir gur sheol an Chomhairle Ealaíon litir chuig Uachtarán UCC le buíochas a ghabháil leis agus leis an bhfoireann uile in UCC. Sheol an Toscaireacht litir freisin. Fuarthas go leor aiseolas dearfach mar gheall gur reáchtáladh an Tionóil in UCC. Bhí tinreamh maith ann agus bhí an clár oibre tarraingteach. Bhí go leor measa ag daoine ar mhic léinn UCC as a rannpháirtíocht sa tionóil.

An Tionól Ginearálta agus Gaillimh 2020

Sholáthraigh Bob Quinn tuairisc ó chruinniú de chuid Ghaillimh 2020 ar ar fhreastail sé i nGaillimh, a d'óstáil Liz Kelly agus Helen Marriage, agus cuireadh an fhaisnéis a foghlaimíodh uaidh in iúl. Síleadh go leathan gur mór an iarraidh é ar chomhaltaí an Tionóil Ginearálta a óstáil in áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath dhá bhliain as a chéile agus go mbeadh sé ní b'oiriúnaí fanacht agus dul chun na Gaillimhe bliain eile. Scríobhfaidh Bob Quinn litir leis an méid sin a mhíniú agus le cur in iúl go mbeadh an Toscaireacht sona sásta cuairt a thabhairt ar Ghaillimh níos déanaí.

Cur i láthair Staitistiúil – Freagra

Chuir an Cláraitheoir an scéal is déanaí in iúl mar gheall ar an bhfreagra dearfach a bhí ag na Comhaltaí i leith na faisnéise a cuireadh i láthair ag an Tionóil. Scríobh comhalta amháin cuntas mionsonraithe chuig an gCláraitheoir maidir le hainmniú, patrúin vótála agus fás i bhfoirmeacha ealaíon, de bharr an chur i láthair. D'aontaigh an Toscaireacht gur cheart é seo a phlé i ngrúpa oibre Aosdána/na Comhairle Ealaíon. Is mír é ar Chlár Oibre an ghrúpa oibre go ndéanfar an próiseas ainmnithe agus an fás i bhfoirmeacha ealaíon a phlé agus go n-aimseofar bealaí chun na míchothromaíochtaí atá ann faoi láthair idir na disciplíní éagsúla a chur ina gceart.

Tuarascáil ón gComhchoiste um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht maidir leis an Tuairisc “The Arts Matter” ó Bhealtaine 2019

Dúirt Michael go seolfaidh sé PDF den tuarascáil a eisíodh le déanaí, a tháinig chun cinn mar thoradh ar phróiseas dhá bhliain ar ghlac an Comhchoiste um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht páirt ann, leis an tuarascáil “The Arts Matter” a chur le chéile.

Dámhachtain Anthony Cronin agus Dermot Bolger - Le nascadh leis an gcéad chruinniú eile a réachtálfar i ndeireadh mhí an Mheithimh/mí Iúil

Tá Dermot Bolger sásta freastal ar ócáid phoiblí agus beidh sé ar fáil le linn an tsamhraidh.

Suíomh gréasáin – beo / stair Aosdána / ardú céime / Oíche Chultúir

Bogadh an mhír seo chuig an gclár oibre don chéad chruinniú eile

Obair leantach

Scríobhfaidh Bob Quinn chuig Gaillimh 2020 le cur in iúl go mbeadh sé ní b'oiriúnaí do na Comhaltaí an Tionól Ginearálta a réachtáil i nGaillimh ní ba dhéanaí mar gheall gur réachtáladh Tionól Ginearálta 2019 i gCorcaigh.

Cuirfidh an Cláritheoir plé ar an bpróiseas a bhaineann leis an bpróiseas ainmnithe agus le fás i bpatrúin foirmeacha ealaíon le clár oibre ghrúpa oibre Aosdána/na Comhairle Ealaíon.

Scríobhfaidh an Cláritheoir chuig an gCathaoirleach atá ag dul ar scor le buíochas a ghabháil leis agus scríobhfaidh an Cláritheoir chuig an gCathaoirleach nua le fáilte a chur roimpi.

Riarfaidh an Cláritheoir suirbhé ar Doodle mar gheall ar an gcéad chruinniú eile a réachtáil go deireadh i mí an Mheithimh nó i mí Iúil agus nascfar an ócáid seo le bronnadh Dhámhachtain Anthony Cronin ar Dermot Bolger.